

[Cuir ar Cheann Litreach na Scoile]

[Cuir isteach ainm an mhúinteora a mholtar]

[Cuir isteach an seoladh]

[Cuir isteach an dáta]

**Tairiscint ar Chonradh ar Théarma Seasta mar Mhúinteoir**

A **[Cuir isteach ainm an mhúinteora ar théarma seasta a mholtar]**, a chara.

Go raibh maith agat as ucht freastal ar an agallamh ar **[Cuir isteach an dáta]**. Ta áthas ar an mBord Bainistíochta ("BB") post múinteora **[lán-aimseartha/páirt-aimseartha] (do X uaire in aghaidh an lae/na seachtaine/na míosa srl./]** a thairiscint duit dar tosach **[Cuir isteach an dáta]**.<sup>12</sup>

Má tá sé i gceist agat glacadh leis an tairiscint seo, le do thoil sínigh an comhaontú seo, cuir dáta leis agus seol ar ais chugam é tráth nach déanaí ná **[cuir isteach dáta] (an dáta freagartha)** maraon le foirm PTAF1/Foirm um Uasdátú Painéil, í comhlánaithe agus sínithe, leis an dearbhú reachtúil faoi mhionn agus le haon cháipéisíocht eile mar a iarrtar ort anseo istigh a sholáthar. Tarraingeofar an tairiscint seo siar mura nglacfar léi laistigh den tréimhse shonraithe.<sup>3</sup>

Tá an tairiscint ar Chonradh ar Théarma Seasta seo faoi réir agus curtha de choinníoll ar a leanas:-

- a) Go bhfuil tú cláraithe agus go leanfaidh tú bheith cláraithe ar bhonn reatha leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tabhair d'uimhir cláraithe ón gComhairle Mhúinteoireachta le do thoil. Tá d'fhostaíocht leanúnach curtha de choinníoll ar chláirúchán leanúnach cuí leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith agat. Mura gcoinnítear clárúchán cuí, déanfar foirceannadh láithreach ar do chonradh fostaíochta má bhainfeadh nó má chuirfeadh ar fionraí tú ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta, nach gcuirfeadh an foirceannadh sin i bhfeidhm níos déanaí ná an dáta éagtha, an dáta

---

<sup>1</sup> **Scríos mar is iomchuí**

<sup>2</sup> **Más post páirt-aimseartha atá i gceist, cuir isteach líon na n-uaire.**

<sup>3</sup> **[Ní mór don mhúinteoir socruithe a dhéanamh leis an scoil rochtain leictreonach ar nochtadh an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosriúcháin ar a c(h)lárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar don scoil nach déanaí ná [cuir an dáta isteach]; Ba cheart é seo a chur i gcló agus é a chur i gcomhad pearsanra an mhúinteora.**

bainte nó an dáta curtha ar fionraí ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta. Beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005. Tá na cáilíochtaí cuí don earnáil agat agus is **[múinteoir bunscoile lán-profa nó profa don phost]** tú.

#### **Nó**

<sup>4</sup>Má tá tú cláraithe go coinníollach leis an gComhairle Mhúinteoireachta, tabhair d'uimhir chláráithe ón gComhairle Mhúinteoireachta le do thoil. Mura mbeidh tú cláraithe gan choinníoll laistigh den tréimhse bunaidh mar atá sonraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta déanfar do chonradh fostaíochta a fhoirceannadh gan mhoill. Mura gcoinnítear clárúchán cuí, déanfar foirceannadh láithreach ar do chonradh fostaíochta má bhainfear nó má chuirfear ar fionraí tú ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta, nach gcuirfear an foirceannadh sin i bhfeidhm níos déanaí ná an dáta éagtha, an dáta bainte nó an dáta curtha ar fionraí ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta. Beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.

#### **Nó**

<sup>5</sup>Mura bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta go fóill, tabhair d'uimhir chláráithe ón gComhairle Mhúinteoireachta le do thoil nuair a bheidh do chlárúchán críochnaithe. Is coinníoll de do chuid fostaíochta ná go mbeidh tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta roimh dháta tosaithe d'fhostaíochta. I gcás nach mbeidh tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi dháta tosaithe d'fhostaíochta, rachaidh an tairiscint seo in éag go huathoibríoch. Mura mbeidh tú cláraithe gan choinníoll laistigh den tréimhse bunaidh mar atá sonraithe ag an gcomhairle Mhúinteoireachta déanfar do chonradh fostaíochta a fhoirceannadh gan mhoill. Tá d'fhostaíocht leanúnach curtha de choinníoll ar chlárúchán leanúnach cuí leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith agat. Tá d'fhostaíocht leanúnach curtha de choinníoll ar chlárúchán leanúnach cuí leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bheith agat. Mura gcoinnítear clárúchán cuí, déanfar foirceannadh láithreach ar do chonradh fostaíochta má bhainfear nó má chuirfear ar fionraí tú ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta, nach gcuirfear an foirceannadh sin i bhfeidhm níos déanaí ná an dáta éagtha, an dáta bainte nó an dáta curtha ar fionraí ó Chlár na Comhairle Mhúinteoireachta. Beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.

---

<sup>4</sup> **Cuir isteach an fhoclaíocht seo i gcás go bhfuil an múinteoir cláraithe faoi choinníoll ag an gComhairle Mhúinteoireachta**

<sup>5</sup> **Cuir isteach an fhoclaíocht seo i gcás go bhfuil iarratas ar chlárúchán curtha isteach ag an múinteoir chuig an gComhairle Mhúinteoireachta Scríos mar is iomchuí. Ní féidir le múinteoir bheith íochta mura bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta roimh an dáta tosaithe. Ní mór d'aon tairiscint fostaíocht bheith curtha de choinníoll ar an bpróiseas chlárú bheith tugtha chun críche.**

- b) Tá na cáilíochtaí cuí don earnáil agat agus is **[múinteoir bunscoile lán-profa nó profa don phost]** tú. Tabhair doiciméadú bunaidh lena ndéantar na cáilíochtaí seo a chruthú;<sup>6</sup>
- c) Tá tú saor ó aon oibleagáid dlite do thríú páirtí a d'fhéadfadh cosc a chur ort tosú sa phost ar an dáta thuasluaite nó dualgais do phost a chomhlíonadh mar is cuí;
- d) Is scoil lán-Ghaeilge an scoil seo a bhfuil sainspiorad **[Caitliceach/Ichreidmheach/Idirchreidmheach]**<sup>7</sup> aici agus atá faoi phátrúnacht An Fhorais Phátrúnachta. Tairiscítear an post seo duit ar an tuiscint go nglacann tú le héiteas na scoile agus go dtacóidh tú leis an éiteas sin.
- e) Ceadú an Aire Oideachais & Scileanna (an "tAire") agus go gcomhlánaíonn na míreanna cuí den Fhoirm um Cheapadh Múinteora/Athcheapadh Múinteora (PTAF) agus go seolann tú ar ais í sínithe agus an dáta curtha léi.
- f) Go gcomhlíonann tú scagthástáil réamhfhostaíochta agus go gcomhlánaíonn tú "Ceistneoir Réamhfhostaíochta ar [www.medmarkforteachersna.ie](http://www.medmarkforteachersna.ie) ;
- g) Thairis sin beidh tú fostaithe faoin gcoinníoll go gcomlíontfar riachtanais Ghrinnfhiosriúchan An Gharda Síochána mar a leagtar amach thíos. Tabhair/Dearbhaigh le do thoil.

**Ní Ceadmhach fostaíocht sa scoil a thosú roimh a fhaigheann an scoil Nochtadh Grinnfhiosriúcháin ón mBiúró Náisiúnta um Ghrinnfhiosriúchán. Tá an tairiscint fostaíochta seo faoi réir agus curtha de choinníoll de go bhfaighfidh an scoil Nochtadh Grinnfhiosriúcháin sásúil a chinnfidh an scoil dá rogha féin. Déan socruithe leis an bPríomhoide faoi [cuir isteach dáta] rochtain ar do Nochtadh Grinnfhiosriúcháin ón mBiúró Náisiúnta um Ghrinnfhiosriúchán a chur ar fáil don scoil.**

- Dearbhú Reachtúil;  
Go ndearna tú nochtadh iomlán, cruinn agus cuí ar na ceisteanna a cuireadh ort nó ar eolas a lorgaíodh le linn an phróiseas earcaíochta maidir le haon cheist a bhaineann le leas/caomhnú leanaí. Is téarma bunúsach do chuid fostaíochta é seo. Má tharlaíonn sé le linn do chuid fostaíochta nach bhfuil a leithéid de nochtadh iomlán, cruinn agus iomchuí déanta agat, láimhseálfar mainneachtain den sórt sin mar shárú ar do chonradh fostaíochta a bhféadfadh a bheith ina chúis le gníomh araíonachta suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh.
- Gealltanas mar atá sé ionchorpraithe sa PTAF, eadhon:
  - Dearbhaíonn tú i gcomhréir le riachtanais Chiorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna (**ROS**) gur sholáthair tú dearbhú reachtúil maidir le cosaint leanaí don scoil ar rinneadh é le linn na bliana reatha nó le linn na bliana féilire roimhe sin.

---

<sup>6</sup> **Scríos mar is iomchuí**

<sup>7</sup> **Scríos mar is iomchuí.**

- Chomh maith leis sin, dearbhaíonn tú don scoil chomh fada agus is eol duit nach bhfuil rud ar bith ó thaobh cosaint leanaí de maidir le d'iompar, le do cháil nó le do chúlra pearsanta a dhéanadh dochar don ról iontaobhaithe i dtaobh leanaí nó aosaigh leochaileacha a bheadh agat de bhua do cheapacháin do phost múinteoireachta sa scoil seo.
- Geallann tú chomh maith leis sin an scoil a chur ar an eolas maidir le haon athruithe ar an staid thuasluaite a rachadh i bhfeidhm ar d'oiriúnacht, ó thaobh cosaint leanaí de, d'fhostaíocht leanúnach leis an scoil nó d'aon fhostaíocht ina dhiaidh sin leis an scoil.

Mura bhfuil an próiseas grinnfhiosriúcháin críochnaithe roimh an gcheapachán, is ceanglas é faoi Chiorclán 63/2010 go bhfuil an tairiscint seo faoi réir agus curtha faoi choinníoll toradh sásúil an phróisis ghrinnfhiosriúcháin a bheidh le cinneadh ag an scoil dá rogha féin amháin. Trí bhíthin an comhaontú seo a shíniú dearbhaíonn tú i scríbhinn go nglacann tú leis an gcoinníoll go bhfuil do cheapachán faoi réir toradh sásúil an phróisis ghrinnfhiosriúcháin.

- h) Comhlíonfaidh tú rialacha, rialacháin agus beartais na scoile, Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus rialacháin, ciorcláin agus treoirlínte an ROS;
- i) Comhlíonfaidh tú rialacha, rialacháin agus beartais na scoile, Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus rialacháin, ciorcláin agus treoirlínte an ROS; Soláthróidh tú dearbhú ballraíochta den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair mar is cuí. Ní mór duit an dearbhú ar an PTAF a chomhlánú.
- j) Ní mór duit gach cead fostaíochta is gá a fháil;
- k) **[Soláthraíonn tú teistiméireacht atá sásúil don scoil rud a chinnfidh sí dá lánrogha féin].<sup>8</sup>**
- l) **[Teastas chun OR a mhúineadh nó a choibhéis];<sup>9</sup>**

## 1 Téarma an Chonartha agus Promhadh

1.1 Fostófar tú faoi Chonradh ar Théarma Seasta a rachaidh in éag ar **[cuir isteach dáta éagtha an chonartha].<sup>10</sup>**

1.2 **[Má bheartaítear é forálacha a dhéanamh do chásanna eile m.s. má athghairfear an múinteoir a bhfuil ionadaíocht á déanamh air/uirthi le linn na**

<sup>8</sup> **Ní úsáidtear an clásal seo ach in imthoscaí eisíocha. Ní mór teistiméireachtaí a dheimhniú roimh an tairiscint a dhéanamh chun teacht leis na nósanna imeachta caighdeánacha maidir le hearcaíocht.**

<sup>9</sup> **Scríos mar is iomchuí**

<sup>10</sup> **Má fhostaítear an múinteoir i ndiaidh an chéad lá oibre de mhí na Samhna tá sé ríthábhachtach cinntiú gur é an dáta foirceanta ná an lá scoile deireanach de mhí an Mheithimh mura mbeidh sé níos luaithe. nó d'fhéadfaí go mbeadh an scoil faoi dhliteanas tuarastal mhí Iúil agus mí Lúnasa a íoc as a maoin féin. I gcás go bhfostaítear an múinteoir ar nó roimh an chéad lá oibre i mí na Samhna agus ar choinníoll go mairfidh an conradh ar feadh bliana scoile iomláine, is ceadmhach an lá roimh athoscailt na scoile i mí Lúnasa don scoilbhliain nua a roghnú mar dháta foirceanta, de rogha air sin is ceadmhach tagairt don lá scoile deireanach i mí an Mheithimh a bheith sa chonradh.**

**scoilbhliana féadfaidh tú an méid a leanas a chur isteach.]** "Rachaidh an Conradh ar Théarma Seasta seo in éag ar **[cuir isteach an dáta]** nó athghairfear an múinteoir a bhfuil tú ag déanamh ionadaíocht air/uirthi chun na scoile cibé acu is luaithe, mura foirceanntar é de réir fhorálacha an Chonartha ar Théarma Seasta seo."

- 1.3 Thairis sin comhaontaíonn tú nach mbainfidh forálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 le foirceannadh do chonartha, má tharlaíonn an foirceannadh sin de bhíthin **[dhul in éag an téarma seasta/foirceannadh an tsainchuspóra]** amháin mar a bhfuil foráil déanta dó anseo istigh. <sup>11</sup>
- 1.4 Chun críocha Alt 8 de Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Socraithe) 2003, dearbhaíonn an scoil nach féidir léi conradh tréimhse éiginnte a thairiscint agus mar sin tairiscítear an **[Conradh ar Théarma Seasta seo/an Conradh ar Théarma Seasta]** sa bhreis seo ar na forais oibiachtúla seo a leanas: <sup>12</sup>

Is gá don Chonradh ar Théarma Seasta seo

- 1 1.3.1 [chun ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaí atá ar saoire údaraithe ar feadh téarma seasta agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar bhonn buan agus é/í as láthair]
- 1.5 Nó
- 2 1.3.2 [chun freastal a dhéanamh ar shocrú postroinnte idir beirt fhostaithe sa scoil ar feadh tréimhse seasta agus nach féidir a bpoist a líonadh ar bhonn buan nó ar bhonn conradh tréimhse éiginnte]
- 1.6 Nó
- 3 1.3.3 [eascraíonn sé o chruthú poist ar théarma seasta chun freastal ar dhaltaí áirithe (m.s.) rang speisialta, tacaíocht teanga srl.]<sup>13</sup>
- 1.7 Glacann tú leis na forais oibiachtúla agus aontaíonn tú go dtairiscítear an conradh ar bhonn téarma seasta nach féidir é a thairiscint mar chonradh tréimhse éiginnte.
- 1.8 Comhaontaíonn an scoil tú a chur ar an eolas maidir le folúntais bhuana agus/nó folúntais a mheasfar go mhairfidh siad ar feadh 24 seachtaine féilire nó níos faide a thagann chun cinn le linn an chonartha seo. Cuirfear ar an eolas tú trí **[cuir isteach an tslí ina gcuirfidh an scoil múinteoirí atá ar chonradh téarma seasta ar an eolas maidir lena leithéid d'fholúntais seo].**

---

<sup>11</sup> **Scríos an tagairt do "foirceannadh an sainchuspóra" mura bhfuil foráil á déanamh do chásanna eile.**

<sup>12</sup> **Scríos mar is iomchuí**

<sup>13</sup> **Scríos mar is iomchuí. Mura bhfuil an foras oibiachtúil ar fáil sna samplaí thuasluaite, cuir isteach an foras oibiachtúil agus scríos na samplaí go léir thuas.**

- 1.9 [Eascaíonn an post ar Théarma Seasta seo ó leithdháileadh uaire ar bhonn sealadach ón ROS/gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun freastal ar dhaltáí áirithe:]-  
**14**
- 4 1.6.1 Má tharlaíonn sé le linn théarma an chonartha ar Théarma Seasta seo, go méadaítear méid na n-uaire a leithdháiltear don scoil ionas go mbeidh teidlíocht ann do phost buan, foirceannfar conradh ar Théarma Seasta seo air sin agus beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An Achta Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.
- 5 1.6.2 Má tharlaíonn sé le linn théarma an chonartha ar Théarma Seasta seo, go laghdaítear méid na n-uaire a leithdháiltear don scoil, déanfar do uaire oibre agus do thuarastal a laghdú dá réir.
- 1.10 1.6.3 Má tharlaíonn sé le linn théarma an chonartha ar Théarma Seasta seo, go dtarraingítear siar na n-uaire a leithdháiltear don scoil, foirceannfar conradh ar Théarma Seasta seo in éag air sin agus beidh tú i dteideal fógra i gcomhréir fhorálacha An tAcht Um Fhógra Íosta Agus Téarmaí Fostaíochta; 1973 - 2005.
- 1.11 1.6.4 Má tharlaíonn sé le linn théarma an chonartha ar Théarma Seasta seo, go leithdháiltear uaire **[breise]**<sup>15</sup> ort i ndiaidh an chéad lae oibre i mí na Samhna agus go mbeidh na huairé sin ídithe, laghdaithe nó tarraingthe siar roimh dheireadh na scoilbhliana, déanfar na huairé **[breise]**<sup>16</sup> agus an tuarastal a laghdú dá réir
- 1.12 Beidh na chéad **[sé mhí]**<sup>17</sup> do d'fhostaíocht ina tréimhse phromhaidh. Déanfar athbhreithniú ar d'fheidhmíocht agus ar d'oiriúnacht do fostaíocht leanúnach le linn do thréimhse promhaidh I gcás go mbeidh an BB míshásta nó má mheasfar tú bheith mí-oiriúnach ar chúis ar bith, féadfaidh d'fhostaíocht a fhoirceannadh trí fhógra **[trí mhí]**<sup>18</sup> a thabhairt tráth ar bith le linn nó ag deireadh na tréimhse promhaidh. **[De rogha air sin féadfaidh an BB rogha a dhéanamh an tréimhse phromhaidh a fhadú trí fhógra a thabhairt duit i scríbhinn ag deireadh an chéad [sé mhí]<sup>19</sup> suas go trí mhí ar na téarmaí céanna.]** Ní bhainfidh próiseas smachta na scoile le d'fhostaíocht ar feadh na tréimhse promhaidh nó aon fhadú den tréimhse phromhaidh sin.

## 2 FEIDHMEANNA AGUS DUALGAIS

<sup>14</sup> **Cuir isteach an clásal seo a leanas más iomchuí i.e. má eascraíonn an folúntas ó uaire atá sealadach (lán-aimseartha/páirt aimseartha)**

<sup>15</sup> **Scríos an tagairt do 'breise' mar is iomchuí.**

<sup>16</sup> **Scríos an tagairt do 'breise' mar is iomchuí.**

<sup>17</sup> **Laghdaigh an tréimhse phromhaidh seo má mhairfidh an conradh ar feadh níos lú ná 6 mhí.**

<sup>18</sup> **Laghdaigh an tréimhse fhógra seo má mhairfidh an conradh ar feadh níos lú ná 3 mhí.**

<sup>19</sup> **Fág an fhoráil seo ar lár má mhairfidh an conradh ar feadh níos lú ná 6 mhí.**

- 2.1 Fostófar tú mar mhúinteoir ar théarma seasta a mbeidh na dualgais thosaigh mar **[mhúinteoir ranga/mhúinteoir oideachais speisialta/mhúinteoir ranga speisialta/mhúinteoir BTE srl]** agat. Áirítear i measc do dhualgas na dualgais sin mar a shonraítear sa sainchuntas poist i gceangal leis seo. Ní liosta uileghabhálach ná liosta ar leith do do dhualgais é seo agus féadfaidh é a leasú ó am go ham dá rogha an BB féin, a d'fhéadfaidh na dualgais a athrú, iad a leasú nó cur leo de réir mar is gá. Ceanglaítear ort cibé treoracha agus orduithe atá ar comhréir go réasúnach le do phost a d'fhéadfaidh an BB agus/nó an Príomhoide iad a leagan ort a chomhlíonadh. Comhlíonfaidh tú do dhualgais agus do fhreagrachtaí de réir an dlí, bheartais na scoile, na Rialacha um Scoileanna Náisiúnta agus treoracha agus Ciorcláin an ROS.<sup>20</sup>
- 2.2 Comhaontaíonn tú thairis sin go rachaidh tú faoi/go nglacfaidh tú páirt in aon thraenáil (a áirítear nach nach bhfuil sé teoranta d'fhorbairt ghairmiúil/inseirbhís) a d'fhéadfaidh bheith ag teastáil ón scoil ó am go ham. Beidh fáil agat ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (lena n-áitítear traenáil inseirbhíse) ar an mbonn céanna le múinteoir buan atá ar an ngrád céanna. Ni bheidh an fáil sin teoranta do do ghnáthlaethanta oibre.

### 3 UAIRE OIBRE

- 3.1 Beidh d'uaire oibre i gcomhréir leis na Rialacha um Scoileanna Náisiúnta agus leis na ciorcláin mar a eiseoidh an ROS iad ó am go ham. Ceanglaítear ort do chúram lán-aimseartha agus do chumais a dhíriú ar do dhualgais le linn uaire oibre gníomhú chun leas na scoile i gcónaí. Fad is a bheidh tú fostaithe ag an BB, ní ceadmhach duit, gan a réamhthoil i scríbhinn, bheith ar aon chaoi, go díreach nó go hindíreach páirteach in aon ghnó nó aon ghnóthas más rud é gur dócha go mbeidh sé seo i gcoimhlint le leas na scoile agus/nó go gcuirfidh sé isteach ar do chuid oibre in aon chaoi. Ní mór duit cinntiú nach sáraíonn líon d'uaire oibre le chéile líon iomlán 48 uair in aghaidh na seachtaine i gcomhréir le hAcht um Eagrú ama 1997. Féadfaidh do chonradh fostaíochta a fhoirceannadh i gcás go sáróidh d'obair, nuair a dhéanfar í a ríomh san iomlán, na teoranta dá bhforáiltear in Acht um Eagrú Ama Oibre.
- 3.2 Tabharfar do shosanna i gcomhréir le hAcht um Eagrú Ama Oibre 1997. Mura bhfaigheann to do shosanna téigh i dteagmháil leis an bPríomhoide.
- 3.3 Féadfaidh an córas uainchláir maidir le huaire oibre/maoirseachta a athrú de rogha an BB. I gcásanna den sórt sin, féachfaidh an scoil leis an méid fógra is indéanta le réasún a thabhairt duit. D'fhéadfaidh cásanna a bheith ann áfach nuair nach mbeidh sé indéanta an fógra sin a thabhairt duit.
- 3.4 Aontaíonn tú leis seo go gcomhoibreoidh go hiomlán chun cabhrú leis an scoil taifid chruinne a choinneáil ar d'uaire oibre chun críocha Acht um Eagrú Ama Oibre.

### 4 IONAD OIBRE

---

<sup>20</sup> Cuir isteach ról mar is iomchuí

- 4.1 Is í an scoil an gnáthionad oibre. Féadfaidh go mbeidh ceangal ort bheith ag obair agus/nó ag taisteal lasmuigh den gnáth ionad oibre ó am go ham. I gcásanna den sórt sin, féachfaidh an scoil leis an méid fógra is indéanta le réasún a thabhairt duit. D'fhéadfaidh cásanna a bheith ann áfach nuair nach mbeidh sé indéanta an fógra sin a thabhairt duit.

## **5 LUACH SAOTHAIR**

- 5.1 Cinnfidh an tAire an tuarastal agus na héadálacha agus agus tá siad faoi réir gach asbhaint phárolla a bheidh riachtanach. Is ar an mbonn céanna a bheidh an modh agus an mhinicíocht íocaíochta. I gcás go stopfaidh an ROS leis an íocaíocht, déanfar an fhostaíocht a fhoirceannadh láithreach. Ní chuirfidh sé seo isteach áfach ar do theidlíocht leas a bhaint as saoire reachtúil gan phá.
- 5.2 Ní bheidh tú i dteideal aon luach saothair sa bhreis in aghaidh ragoibre.

## **6 LAETHANTA SAOIRE**

- 6.1 Cinnfidh an tAire teidlíochtaí laethanta saoire. Beidh teidlíocht ann leas a bhaint as laethanta saoire poiblí reachtúla le hAcht um Eagrú ama 1997.

## **7 SAOIRE, TINNEAS AGUS FÓGRA NEAMHLÁITHREACHTA**

- 7.1 Cinnfidh an tAire teidlíochtaí saoire, lena n-áireofar saoire reachtúil agus oibleagáidí i dtaobh saoire bhreiteachta.
- 7.2 Beidh ceangal ort comhoibriú go hiomlán leis an scéim seirbhíse sláinte ceirde atá curtha ar fáil ag an ROS do mhúinteoirí. Thairis sin forchoimeádan an scoil an ceart tú a chur faoi scrúdú liachleachóra nó sainchomhairleora míochaine ar a costas féin, agus comhaontaíonn tú comhoibriú go hiomlán le hiarratas den sórt sin. Údaraíonn leis seo do liachleachtóir údaráithe nó do shainchomhairleoir míochaine idirchaidreamh a dhéanamh le do chomhairleoir(i) míochaine agus torthaí a scrúduithe a nochtadh don scoil agus/nó don ROS.
- 7.3 Má bhíonn tú as láthair ó obair ar chúis ar bith ní mór an Príomhoide a chur ar an eolas laistigh de tríocha nóiméad roimh d'am tosaithe, ar an gcéad lá den neamhláithreach agus gach lá dá héis sin. Má bhíonn tú as láthair ó obair ar saoire bhreiteachta ar feadh níos mó na ná trí lá scoile as a chéile, ní mór duit teastas leighis inghlactha (amhail de réir na scéime sláinte ceirde do mhúinteoirí) a thabhairt don Phríomhoide.

## **8 PINSEAN**

- 8.1 Cinnfidh an tAire socruithe pinsin.

## **9 SCOR**

- 9.1 Cinnfidh an tAire d'aois scoir. Is é an bonn cirt oibiachtúil don aois scoir ná mar atá curtha ar fáil ag an Aire de bhun na reachtaíochta iomchuí.

## **10 BEARTAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA**



- 10.1 Cuirfear cóipeanna de bheartais agus nósanna imeachta iomchuí na scoile duit. D'fhonn amhras a sheachaint, ní doiciméid chonartha iad seo agus féadfar iad a leasú agus/nó iad a mhalartú de rogha an BB.

## **11 CIONTA**

- 11.1 Beidh d'fhostaíocht i gcónaí faoi réir an choinníll nach mbeidh tú páirteach in aon choiriúlacht nó nach gciontófar tú i gcion coiriúil seachas cionta a choimre faoi Achtanna um Thrácht ar Bhóithre nó gur cion é nach gcuirfidh sé isteach ar do phost i dtuairim réasúnta an BB. Thairis sin beidh tú fostaithe faoin gcoinníoll go gcloífidh tú le riachtanais ghrinnfhiosriúcháin an An Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosriúcháin mar atá ann ó am go ham agus go dtiocfaidh toradh sásúil astu.

## **12. COMHAONTUITHE COMHCHOITEANN**

- 12.1 Tá d'fhostaíocht faoi réir comhaontuithe comhchoiteanna a dhéanfaidh an tAire agus na Comhpháirtithe Oideachais ó am go ham a mhéid is gur comhaontuithe ceangailteacha iad.

## **13 COSAINT SONRAÍ**

- 13.1. Coimeádfaidh an scoil eolas pearsanta fút a bheidh faoi réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tríd an gcomhaontú seo a shíniú tugann tú toiliú sainráite (faoi mar a shainmhínítear sna hachtanna) do BB do shonraí pearsanta agus íogair a phróiseáil, de láimh nó go leictreonach, chun críocha a bhaineann le riaradh agus bainistíocht d'fhostaíochta agus/nó le gnó na scoile lena n-áirítear críocha an ghrinnfhiosraithe mar a bheidh ann ó am go ham. Is chun críocha riarachán agus bainistíocht d'fhostaíochta agus/nó gnó na scoile (lena n-áirítear chun críocha grinnfhiosriúcháin mar a bhíonn ann ó am go ham) a dhéanann an BB do shonraí pearsanta agus íogaire a phróiseáil de láimh agus go leictreonach agus chun oibleagáidí dlíthiúla na scoile a chomhlíonadh.
- 13.2. Déileáilfidh an BB le gach sonraí pearsanta/íogair go rúnda agus ní dhéanfaidh sé iad a úsáid ná iad a phróiseáil ach chun críocha dleathacha. Cinnteoidh an BB go mbeidh an t-eolas cruinn, cothrom le dáta agus nach gcoimeádfar é ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá. Cuirfear beartais i bhfeidhm chun na sonraí a chosaint ó phróiseáil neamhúdaraithe nó mídhleathach agus ó chailleanas ó mhilleadh agus ó dhochar tionóisceach.

## **14 RÚNDACHT**

- 14.1 Ní mór duit aon eolas rúnda a bhaineann in aon chaoi leis an scoil le daltaí le tuismitheoirí/caomhnóirí, le daoine den teaghlach srl, a choimeád rúnda agus gan an t-eolas sin a phlé le haon duine nach bhfuil i dteideal an t-eolas céanna a fháil. Ní fhéadfaidh tú aon eolas rúnda a bhaineann leis an scoil, lena daltaí, lena tuismitheoirí/caomhnóirí, lena fostaithe, a bhfuil oibleagáid rúndachta ag an scoil d'aon tríú páirtí ina leith le linn d'fhostaíochta nó ina dhiaidh seachas i gcúrsa ceart d'fhostaíochta nó mar a cheanglaítear trí reachtaíocht.

- 14.2 Ní cheadmhach duit aon doiciméad ná sealúchas ar leis an scoil iad ná a bhfuil aon eolas rúnda iontu a thógáil ón scoil gan réamhúdarú cuí a fháil.
- 14.3 Nuair a iarraidh an scoil é agus in aon chaoi ar fhoirceannadh d'fhostaíochta, ní mór duit gach doiciméad agus sealúchas ar leis an scoil iad nó a bhfuil eolas rúnda iontu nó a thagraíonn d'eolas rúnda agus atá i do sheilbh nó faoi do smacht, a thabhairt ar ais don scoil.
- 14.4 Comhaontaíonn tú gan aon ráiteas ná ábhar ar bith maidir leis an scoil a rá ná é a fhoilsiú gan réamhchead sainráite an Phríomhoide agus/nó an Chathaoirligh.
- 14.5 Ní déarfaidh tú agus ní fhoilseoidh tú aon ráiteas ná ábhar ar bith maidir leis an scoil, atá bréagach, míthreoiréach nó ar dóigh dó díobháil a dhéanamh don scoil agus go háirithe ní thabharfaidh tú le fios go bhfuil baint agat leis nó fostaithe ag an scoil in aon slí i ndiaidh fhoirceannadh d'fhostaíochta.

## **15 MAOIN INTLEACTÚIL**

- 15.1 Beidh aon mhaoin intleachtúil a bhfaighidh tú, a dhéanfaidh tú, a fhorbróidh tú go díreach nó go hindíreach le linn do chuid fostaíochta leis an scoil, i ndáil leis an scoil nó a bhaint dá laghad léi faoi úinéireacht iomlán an BB agus sannann tú don BB leis seo gach ceart maoine intleachtúla i leith na maoine intleachtúla sin ar feadh a dtéarma iomlán ar fud an domhain.

## **6 ÚSÁID TEILEAFÓIN/IDIRLÍN/RÍOMHPHOIST**

- 16.1 Is gá don BB a leasanna a chosaint trí mhonatóireacht a dhéanamh ar úsáid ríomhairí agus ar gach cumarsáid ar a líonraí príobháideacha (lena n-áirítear líonraí teileafóin, córais ríomhphoist agus úsáid idirlín). Tuigfidh tú agus glacfaidh tú leis go mbaileoidh an scoil eolas ar gach cuntas úsáideora idirlín agus ar ghníomhaíocht ríomhphoist agus go ndéanfar am t-eolas seo a athbhreithniú go tréimhsiúil chun cinntiú go gcloífidh an fhoireann le beartas úsáid idirlín na scoile agus chun aon úsáid neamhúdaraithe de ríomhairí na scoile a aimsiú. D'fhéadfadh sárú ar bheartas úsáid idirlín na scoile nó aon úsáid neamhúdaraithe de ríomhaire scoile a bheith ina chúis le gníomh araíonachta suas go dtí dífhostú agus dífhostú san áireamh.

## **17 PRÓISIS SMACHTA**

- 17.1 Is é an próiseas smachta, atá i gceangal leis seo, ná an próiseas a chomhaontaítear ó am go ham de bhun an Achta Oideachais 1998 (arna leasú) agus de réir Chiorcláin an ROS i ndáil leis an gcéanna. Ní bhainfidh próiseas smachta na scoile leat ar feadh na tréimhse promhaidh nó aon fhadú den tréimhse phromhaidh sin. Forchoimeádan an BB an ceart tú a chur ar fionraí lán-tuarastal go dtí go bhfaightear toradh araon imscrúdú smachta.

## **18 SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS**

- 18.1 Déanfaidh an BB gach beart atá indéanta le réasún chun do shábháilteacht, do shláinte agus do leas a áirithiú le linn duit bheith i mbun oibre. Geallann tú chomh maith gach cúram réasúnta a ghlacadh i leith do shábháilteacht féin agus sábháilteacht do chomhghleacaithe agus aon daoine eile a dhéanfaidh do ghníomhartha nó do neamhghníomhartha difear a dhéanamh dóibh.
- 18.2 Glacann tú leis seo go gcomhoibreoidh go hiomlán chun cabhrú leis an scoil, le do chomhghleacaithe agus le haon daoine eile go feadh cibé méid is a chuirfidh sé ar chumas an BB, a fhostaithe, a sheirbhíseach agus gach duine iomchuí eile chun forálacha den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh. Ceanglaítear ort cloí le treoracha sláinteachas agus/nó le treoracha sábháilteacht táirgí a eiseoidh an BB agus go gcaithfidh tú éadaí sláinteacha nó cosanta má éilíonn an BB agus/nó an Príomhoide agus nuair a éileoidh sé ort.
- 18.3 Ceanglaítear ort tú féin a chur ar an eolas maidir le beartas sláinte agus sábháilteachta na scoile a sheolfar chugat é i gclúdach ar leith.

## **19 FOIRCEANNADH FOSTAÍOCHTA**

- 19.1 Féadfaidh d'fhostaíocht a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra trí mhí i scríbhinn ón BB a thabhairt nó mar a mbeidh foráil eile ina chomhair anseo. Forchoimeádann an BB an cheart an conradh fostaíochta a fhoirceannadh gan fógra in imthosca ina bhfuil bonn cirt le foirceannadh láithreach den sórt sin.
- 19.2 Forchoimeádann an BB a cheart réamhfhógra a fháil a tharscaoileadh de bhun an chláisail seo.
- 19.3 I gcás go dtugtar fógra foirceanta fostaíochta, cibé acu go dtugann tusa nó go dtugann an BB é, beidh an ceart ag an BB íocaíocht in ionad fógra i do leith a lorg ón ROS.
- 19.4 Thairis sin forchoimeádann an BB ceangal a chur ort gan freastal ar an scoil le linn aon tréimhse fógra, nó ina ionad sin ceangal a chur ort aon dualgas agus aon fheidhm a fhorordóidh an Príomhoide le linn na tréimhse seo.
- 19.5 I gcás fhoirceannadh d'fhostaíochta de bharr mí-iompair thromchúisigh, ní bheidh tú i dteideal fógra ná i dteideal íocaíochta in ionad fógra de réir an chláisail seo
- 19.6 Ar fhoirceannadh d'fhostaíochta d'fhonn cúis d'aon sórt, tabharfaidh tú ar ais don scoil go pras, aon sealúchas ar leis an scoil nó ar le tríú páirtí é atá i do sheilbh thar ceann na scoile. Folaíonn sé seo ach ní bheidh sé teoranta do, threalamh, chomhaid, chomhfhreagras, shonraí, pháipéir, tuairiscí, doiciméid (cibé foirm ábharach ina bhfuil siad agus cibé cineál), dioscaí, Comhaid Ríomhaire agus ríomhchláir, taifid (lena náirítear taifid daltaí) agus aon fhoirm eile de stóras sonraí, gach cóip den chéanna,

agus aon ríomhaire glúine, fón soghluaiste, bata cuimhne, gléas stórála sonraí, eochracha, agus aon rud eile atá i do sheilbh agus/nó faoi do smacht.

## **20 DLÍ RIALAITHE**

- 20.1 Beidh d'fhostaíocht i gcónaí agus go huile agus go hiomlán faoi rialú dhlíthe na hÉireann agus beidh dhlínse eisiach ag cúirteanna na hÉireann maidir leis na nithe go léir a bhaineann anseo.

## **21 TARSCAOILEADH**

- 21.1 Aon tarscaoileadh a thabharfaidh ceachtar páirtí d'aon sárú ar théarmaí ar fhorálacha nó ar rialacha an chomhaontais seo nó toiliú d'aon ghníomh (cibé acu trí ghníomh nó trí neamhghníomh) murach toiliú den sórt sin a d'fhéadfadh bheith ina shárú mar a dúradh ní hionann an tarscaoileadh sin agus tarscaoileadh ginearálta ar théarma, ar fhoráil nó ar choinníoll den sórt sin nó ar aon ghníomh dá héis sin a bheidh contrártha leis sin.

## **22 CLÁSAL SCARTHA**

- 22.1 Is ar mhaithe le háisiúlacht agus mar áis thagartha na ceanteidil clásal anseo agus ní chuirfidh siad isteach ar bhrí, ar léiriú ná ar chur le chéile díobh sin. I gcás go measfar aon chúnant agus/nó aon choinníoll sa chomhaontas seo a bheith ar neamhní go hiomlán nó go páirteach ar chúis ar bith, ní chuirfidh neamh-in-fhorghníomhacht den sórt sin isteach ar in-fhorghníomhíocht na gcúnant/gcoinníollacha a bheidh fágtha agus measfar aon chúnant/choinníoll den sórt sin atá ar neamhní a bheith inscartha.

## **23 SONRAÍ FOSTAÍOCHTA**

- 23.1 Leagtar amach téarmaí agus coinníollacha d'fhostaíochta sa chomhaontas seo agus aontaíonn tú gur leorshonraí den chaidreamh fostaíochta iad na forálacha de bhun oibleagáidí an fhostóra faoi Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994–2014, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 agus faoi aon reachtaíocht ábhartha.

## **24 ATHRUITHE AR THÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA**

- 24.1 Forchoimeádann an BB a cheart athruithe réasúnta a dhéanamh ar agus/nó téarmaí agus coinníollacha d'fhostaíochta a athrú. Cuirfear mionathruithe sonraí in iúl duit trí litir a sheoladh chugat. Ní thabharfar níos lú ná fógra mí amháin i scríbhinn duit d'aon athruithe suntasacha.

## **25 COMHAONTAS IOMLÁN**

- 25.1 Is ionann an comhaontas seo agus an comhaontas iomlán idir na páirtithe leis seo agus sáraíonn sé agus déanann sé ionad ar gach (má tá ann) tairiscint, tuiscint, uiríoll agus/nó comhaontas leis an BB maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le d'fhostaíocht agus foirceanttar iad leis seo.

Má bheartaíonn tú glacadh leis na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha amach anseo, sínigh an chóip atá ina ceangal leis seo le do thoil agus seol ar ais í chuig Cathaoirleach an BB faoin dáta freagartha.

Má theastaíonn soiléiríú uait ar aon ábhar a bhaineann leis seo, le do thoil ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil liom.

Is mise le dúthracht

---

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Glacaim leis seo le tairiscint ar phost ar théarma seasta na scoile mar atá leagtha amach ina litir dar dáta **[cuir isteach dáta]** gur cóip é seo. Dearbhaím thairis sin nach bhfuilim ag glacadh leis na téarmaí agus coinníollacha seo ar iontaoibh aon uiríoll no aon bharánta nach bhfuil leagtha amach sa litir sin.

---

Síniú an mhúinteora ar théarma seasta atá molta.

---

Dáta

**I gceangal leis an litir seo tá:**

- 1. PTAF1**
- 2. Sonraíocht Poist**
- 3. Ciorclán ROS 49/2018**

## AGUISÍN 1

### 1. Sonraíocht Poist an Mhúinteora

I dteannta leis na dualgais atá liostaithe comhlíonfaidh tú aon obair/dualgas eile a bhaineann leis an ról, a chinnfidh/a ordóidh an scoil agus/nó an príomhoide ó am go ham. Ní bheartaítear an liosta seo a bheith uileghabhálach ná ina liosta ar leith.

- 1.1. Foghlaim a spreagadh, a fhorbairt agus a cothú sna daltaí, de réir aoise, cumais agus inniúlachta.
- 1.2. Éiteas na scoile a chur i bhfeidhm agus a thacú
- 1.3. An curaclam iomlán a mhúineadh [lena n-áirítear an curaclam Oideachais Reiligiúin]<sup>21</sup>
- 1.4. Na daltaí a thabharfar duit a mhúineadh de réir a riachtanas oideachasúil ar feadh na n-uaire a bheidh sannta i gcaitheamh na bliana iomláine.
- 1.5. Forbairt, dul chun cinn agus gnóthachtála na ndaltaí a mheas, iad a thaifeadadh agus iad a thuairisciú.
- 1.6. Freagracht a ghlacadh ar bhainistíocht ranga m.s. ord agus smacht maith a choinneáil i measc na ndaltaí, a sláinte agus a sábháilteacht a chur chun cinn, nuair a údaraítear dóibh bheith ar áitreabh na scoile agus nuair a ghlacann siad páirt i ngníomhaíochtaí údaraithe scoile in áiteanna eile.
- 1.7. Maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na daltaí le linn sosanna, amanna lóin, tionóil, am scaoilte agus i gcaitheamh an lae iomláin.
- 1.8. Ceachtanna a phleanáil, iad a ullmhú agus iad a thabhairt.
- 1.9. Tascanna agus obair bhaile a leagan amach agus iad a cheartú de réir bheartas na scoile.
- 1.10. Ullmhúchán sásúil i scríbhinn a dhéanamh d'obair scoile lena n-áirítear;
  - 1.10.1. Clár oibre fadtéarmach do gach ábhar a ullmhú de réir an churaclaim, phlean na scoile agus riachtanais foghlama na ndaltaí ag tús gach bliana scoile nó téarma scoile; áirítear amchlár ranga agus creatlach leithroinnt ama seachtainiúil do gach ábhar sa chlár fadtéarmach sin.
  - 1.10.2. Plean oibre gearrthéarmach a ullmhú go coicisiúil nó go seachtainiúil roimh ré, i gcás múinteora atá ar promhadh

---

<sup>21</sup> **Scríos mar is iomchuí**

- 1.10.3.** I gcás múinteoirí ranga, an chuid den churaclam ar pléadh é le linn na míosa an thaifeadadh i dtuarascáil ar dhul chun cinn ag deireadh gach míosa, san fhormaid a aontófar ag leibhéal na scoile.
- 1.10.4.** Ní mór do mhúinteoirí seachas múinteoirí ranga cláir foghlama iomchuí a phleanáil i leith a ndaltaí, agus taifid ar dhul chun cinn grúpaí nó daltaí aonair a choinneáil, mar is iomchuí.
- 1.10.5.** Na taifid sin mar a leagtar amach thuas iad a thabhairt don Phríomhoide go tráthúil.
- 1.11.** Freastal ar dhualgais post freagrachta nuair is iomchuí.
- 1.12.** Idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí, lena n-áirítear ullmhúchán do agus freastal ar chruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí.
- 1.13.** Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann agus le gairmithe iomchuí eile m.s. SNSO, CNOS srl.
- 1.14.** Freastal ar agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe foirne.
- 1.15.** Oibreoidh tú mar bhall foirne laistigh den scoil agus den phobal scoile i gcoitinne.
- 1.16.** De réir threoir na scoile nó an Phríomhoide oibreoidh tú chun comhoibriú idir an scoil agus an pobal a fhreastalaíonn sí air a chothú.
- 1.17.** Freastal a dhéanamh ar laethanta inseirbhíse/cúrsaí.
- 1.18.** Bheith i láthair go poncúil.
- 1.19.** Cloífidh tú le riachtanais an dlí, le riachtanais agus le beartais na scoile, le treoirlínte agus le ciorcláin an ROS (lena n-áirítear an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna) agus na rialacha um Scoileanna Náisiúnta.
- 1.20.** Comhlíonfaidh tú treoracha/dualgais de réir mar a thabharfaidh nó a threoirfidh an scoil nó an Príomhoide duit iad.
- 1.21.** Dualgais ghairmiúla iomchuí don phost, idir dualgais múinteoireachta agus dualgais neamhmhúinteoireachta araon a chomhlíonadh.